Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 44

# An Coimisiún um Chosaint Sonraí

# Réamhrá

Tá ceanglas orm i mo cháil mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 44 cuntas leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchta.

Tá an cuntas iniata ullmhaithe agam i leith an méid a caitheadh ar thuarastail agus ar chostais an Choimisiúin um Chosaint Sonraí sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020, de réir an cheanglais sin.

Déantar comparáid idir toradh an chaiteachais agus na suimeanna:

(a) a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim den chaiteachas don bhliain a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasuithe i gcabhair, agus

(b) a cuireadh ar fáil do sheirbhísí soláthair chaipitil in 2020 as leithreasuithe 2019 nár caitheadh, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bunaíodh faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlitear barrachas €4.623 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6 ina gcuid den chuntas seo.

## Bunú Vóta 44

Tháinig creat dlí maidir le cosaint sonraí i bhfeidhm ar fud an AE nuair a cuireadh an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Ar an dáta sin, bunaíodh an Coimisiún um Chosaint Sonraí nua leis an Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus aistríodh feidhmeanna uile an Choimisinéara Cosanta Sonraí chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí nua. Chomh maith leis sin, bhronn an GDPR ón 25 Bealtaine 2018 ar aghaidh ról a raibh leathnú suntasach tagtha air ar an gCoimisiún, ról ina údarás um chosaint sonraí agus is údarás maoirseachta é an Coimisiún anois a chuimsíonn an AE go léir.

Tá an Coimisiún neamhspleách ina fheidhmeanna a chur i gcrích. Tá foráil san Acht um Chosaint Sonraí 2018 go mbeadh a vóta féin shannta don Choimisiún um Chosaint Sonraí. In 2019, bhí buiséad an Choimisiúin mar chuid de Vóta na Roinne Dlí agus Cirt agus rinne an Coimisiún cuntas ar a bhuiséad tríd an Oifigeach Cuntasaíochta sa Roinn Dlí agus Cirt. Ba í an bhliain 2020 an chéad bhliain a raibh Vóta ar leith (Vóta 44) ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus níl figiúirí comparáideacha ó bhlianta roimhe sin san áireamh.

# Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in Imlitir 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go gcoimeádann agus go bhfeidhmíonn an Coimisiún um Chosaint Sonraí córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Is i gcomhthéacs na n-acmhainní a chuirtear ar fáil dom agus a leagtar de chúraimí eile orm i mo Cheann Oifige dom a chomhlíontar an fhreagracht sin. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Cuireann Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt seirbhísí airgeadais ar fáil don Choimisiún um Chosaint Sonraí faoi chomhaontas leibhéil seirbhíse.

Sholáthair an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla don Roinn Dlí agus Cirt maidir le baill foirne atá ag obair sa Choimisiún um Chosaint Sonraí. Tugann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte dearbhú bliantúil i leith na seirbhísí a sholáthraítear maidir le seirbhísí a sholáthraítear don Roinn Dlí agus Cirt agus déantar iniúchadh uirthi faoi phróisis dheimhnithe ISAE 3402.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigigh Chuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus na Roinne Dlí agus Cirt maidir leis na rialuithe iomchuí a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Choimisiún um Chosaint Sonraí.

Tá mo chuid freagrachtaí maidir leis na ceanglais sna comhaontuithe sin comhlíonta agam.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di.

- Freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.
- Tá Coiste Iniúchta agus Riosca ar bun d'fhonn comhairle a chur ormsa maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh.
- Tá na nósanna imeachta maidir le gach ceann de na príomhphróisis ghnó doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.
- Baineann an Coimisiún úsáid as an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) inter alia, chun riachtanais oiliúna na foirne a aithint, lena n-áirítear scileanna bainistithe airgeadais agus cuntasaíochta. Déantar an oiliúint atá de dhíth a eagrú nó a fhoinsiú de réir mar is cuí ansin.

***Gnáis rialála maidir le riarachán agus tuairisciú bainistíochta***

Maidir leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- Tá córas buiséadaithe iomchuí le buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach i bhfeidhm.
- Tá athbhreithniú rialta á dhéanamh ag bainistíocht shinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh réamhaisnéisí
- Tá córas bainistithe riosca i bhfeidhm.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú. I rith 2020, chuir rannán ICT na Roinne Dlí agus Cirt (DoJ) seirbhísí

áirithe TFC ar fáil don Choimisiún um Chosaint Sonraí. Chuir rannóg TFC an DJE ráiteas dearbhaithe ar fáil faoi chomhaontú leibhéil seirbhíse, ag cur síos ar na próisis rialaithe atá i bhfeidhm in 2020.

***Iniúchadh inmheánach agus An Coiste Iniúchta agus Riosca***

Deimhním go bhfuil iniúchadh inmheánach mar fheidhm de chuid an Choimisiúin um Chosaint Sonraí, a sheachfhoinsítear, lena ngabhann foireann atá oilte go cuí chuige agus gur de réir mar atá i gcairt i scríbhinn arna ceadú agamsa a oibrítear. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair an Choimisiúin um Chosaint Sonraí i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach . Déanann mé féin agus an Coiste Iniúchta agus Riosca an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go leantar suas tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Bunaíodh an Coiste Iniúchta agus Riosca don Choimisiún um Chosaint Sonraí ar an 1 Eanáir 2020 agus thionóil an Coiste seacht gcruinniú i rith na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2020.

***Comhlíontas soláthair***

Cinntíonn an Coimisiún go bhfuil béim chuí ar dhea-chleachtas nuair a bhítear ag ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíontas gach treoirlíne iomchuí a chinntiú. Ní raibh aon chonradh neamhiomaíoch ná neamhchomhlíontach de bhreis ar €25,000 gan CBL san áireamh i gceist sa bhliain 2020.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí a aithníonn agus a dhéanann na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin a thuairisciú agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.

Tá clár riosca in úsáid ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair an Choimisiúin um Chosaint Sonraí agus rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an Coiste Bainistíochta Sinsearaí an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Is ionann bainistiú riosca agus buan-mhír cláir oibre don Choiste Bainistíochta Sinsearaí. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh ar bhaill foirne sonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Cuireadh nósanna imeachta foirmeálta i bhfeidhm i rith na tréimhse a chlúdaítear sa chuntas chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe. Cuireadh easnaimh rialaithe in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh agus don bhainistíocht agus don Choiste Bainistíochta Sinsearaí, nuair a bhí ábhartha agus in am trátha.

Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ar éifeachtacht an chórais rialála airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Choimisiún um Chosaint Sonraí atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil.

***Paindéim Covid-19***

Tugadh faoi athbhreithnithe maidir le tionchar Covid-19 agus glacadh cáipéis Léargais Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste – *tionchar Covid-19 ar do thimpeallacht rialaithe* san áireamh agus ba é an toradh a bhí air sin ná nach raibh tionchar diúltach ar na rialuithe inmheánacha de barr na paindéime. Deimhním go ndearna mé féin agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí monatóireacht leanúnach ar rialuithe inmheánacha a chothabháil sa bhliain 2020.

***Saincheisteanna rialála airgeadais inmheánaí***

Níor aithníodh aon laigí i rialú airgeadais inmheánaigh sna ráitis airgeadais maidir le 2020 a raibh caillteanas ábhartha mar thoradh orthu.

**Helen Dixon**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisinéir um Chosaint Sonraí

30 Márta 2021

**Comptroller and Auditor General**

**Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais**

**Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí**

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
# Comptroller and Auditor General

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí

### Tuairim maidir leis an gcuntas leithreasa

Tá athbhreithniú déanta agam ar an gcuntas leithreasa maidir le Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Is é mo thuairim go dtugann an cuntas leithreas

- léargas ceart ar admhálacha agus caiteachas Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 agus
- ullmhaíodh iad sa bhfoirm atá forordaithe ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *An bonn atá leis an tuairim*

Thug mé faoi m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) faoi mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin i *Réamhrá na gCuntas Leithreasa*. Táim neamhspleách ar an gCoimisiún um Chosaint Sonraí agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla comhlíonta agam de réir na gcaighdeán sin.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chunbunús a chur le mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach agus ar nitheeile

Tá ráiteas ar an rialú airgeadais inmheánach chomh maith leis an gcuntas leithreasa curtha faoi mo bhráid ag an Oifigeach Cuntasaíochta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisc a thabhairt ar an eolas sa ráiteas, agus ar nithe áirithe eile lena dtuairiscím trí eisceacht, i *Réamhrá na gCuntas Leithreasa*.

Níl tuairisc ar bith le tabhairt agam ina leith sin.

Seamus McCarthy.

**Seamus McCarthy**
**An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**18 Meitheamh 2021**

## Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí

# Cuntas Leithreasa 2020

| | | 2020 | |
|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas clár** | | | |
| A | Rialachán maidir le Cosaint Sonraí a Sholáthar | 16,916 | 12,218 |
| **Ollchaiteachas** | | **16,916** | **12,218** |
| | *Lúide* | | |
| B | **Leithreasaí i gCabhair** | **230** | **155** |
| | | **16,686** | **12,063** |

**Barrachas**

Tá an barrachas ar an méid a soláthraíodh ar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2020 |
|---|---|
| | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **4,622,680** |

**Helen Dixon**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisinéir um Chosaint Sonraí

30 Márta 2021

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas maidir le Costas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | | 7,844 |
| Neamhphá | | 4,374 |
| **Ollchaiteachas** | | **12,218** |
| *Lúide* | | |
| **Leithreasaí i gCabhair** | | **(155)** |
| **Glanchaiteachas** | | **12,063** |
| | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (150) | |
| Dímheas | 35 | |
| Caillteanas ar dhiúscairt | — | (115) |
| | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 73 | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí deiridh | (187) | |
| Méadú ar stoic dheiridh | (7) | (121) |
| | | |
| **Caiteachas díreach** | | **11,827** |
| | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 125 |
| Measchíosanna | | — |
| **Glanchostas clár** | | **11,952** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanmhéid caiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 44 a d'eascair in áit éigin eile.

| | | 2020 |
|---|---|---|
| | | **€000** |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 76 |
| Vóta 24 | Ceartas | 49 |
| | | **125** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 773 |
| | | |
| **Sócmhainní reatha** | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 222 |
| Stoic | 2.3 | 7 |
| Réamhíocaíochtaí | | 187 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.5 | 33 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **449** |
| | | |
| **Lúide dliteanais reatha** | | |
| Costais fabhraithe | | 73 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.4 | 255 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **328** |
| | | |
| **Glansócmhainní reatha** | | 121 |
| **Glansócmhainní** | | **894** |
| | | |
| **Arna Léiriú ag:** | | |
| **Cuntas chiste an Stáit** | 2.6 | **894** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Troscán agus feistis | Trealamh TF agus oifige | Sócmhainní caipitil á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2020 | — | — | — | — |
| Aistrithe ón Vóta na Roinne Dlí agus Cirt | 2 | 187 | 518 | 707 |
| Suimeanna Breise | — | — | 150 | 150 |
| Costas nó Luacháil amhail an 31 Nollaig 2020 | 2 | 187 | 668 | 857 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2020 | — | — | — | — |
| Dímheas na sócmhainní a aistríodh | 2 | 47 | — | 49 |
| Dímheas don bhliain | — | 35 | — | 35 |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2020 | 2 | 82 | — | 84 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2020** | **—** | **105** | **668** | **773** |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| amhail an 31 Nollaig | **2020** |
|---|---|
| | **€000** |
| Iarmhéideanna agus airgead tirim PMG | 222 |
| Iarmhéideanna eile cuntais bainc | — |
| | **222** |

Chomh maith leis an gcuntas PMG, tá cúig chuntas tráchtála bainc eile ag an gCoimisiún a raibh iarmhéid náid i gceist leo amhail an 31 Nollaig 2020.

## 2.3 Stoic

| amhail an 31 Nollaig | **2020** |
|---|---|
| | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 6 |
| Tomhaltáin TF | 1 |
| | **7** |

## 2.4 Iarmhéideanna sochair eile

| amhail an 31 Nollaig | **2020** |
|---|---|
| | **€000** |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | |
| Cáin bhreisluacha ar shonraisc choimhthíocha | 2 |
| Seirbhísí gairmiúla ag siarchoinneáil cánach | 162 |
| | 164 |
| Iarmhéideanna sochair eile - míreanna fionraí | 91 |
| | **255** |

## 2.5 Glanmhaoiniú Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | **2020** |
|---|---|
| | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 4,623 |
| Deontas Státchiste gan tarraingt | (4,656) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **(33)** |
| **Arna Léiriú ag:** | |
| Banc agus airgead tirim | 222 |
| | 222 |
| **Creidiúnaithe** | |
| Dlite don Stát | (164) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (91) |
| | (255) |
| | **(33)** |

## 2.6 Cuntas an mhaoinithe stáit

| | **Nóta** | | **2020** |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | |
| Soláthar measta | | 16,686 | |
| Barrachas le géilleadh | | (4,623) | |
| Glanvóta | | | 12,063 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 125 |
| Aistriú isteach sócmhainní | | | 658 |
| Glanchostas clár | 1 | | (11,952) |
| | | | **894** |

## 2.7 Tiomantais

| **Tiomantais lánchuimsitheacha** | |
|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **2020** |
| | **€000** |
| | |
| Earraí agus seirbhísí a fháil | 593 |
| Tionscadal caipitil | 199 |
| **Iomlán na dtiomantas infheidhmithe le dlí** | **792** |

## 2.8 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Coimisiún um Chosaint Sonraí páirteach i roinnt imeachtaí dlí ar feitheamh agus d'fhéadfadh dliteanais a bheith mar thoradh orthu sin, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Níl aon chinnteacht ann maidir leis an méid iarbhír ná tráthúlacht dliteanas féideartha.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rangaítear an leithdháileadh ar fad do Vóta 44 An Coimisiún um Chosaint Sonraí mar chaiteachas riaracháin a chuirtear i bhfeidhm i dtreo clár aonair: rialachán maidir le cosaint sonraí a sholáthar.

| | | 2020 | |
|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 10,552 | 7,844 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 110 | 19 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus caiteachais theagmhasacha | 2,782 | 2,582 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 45 | 29 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 1,612 | 858 |
| vi | Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige | 1,140 | 844 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartas | 625 | 42 |
| viii | Taighde | 50 | — |
| | | **16,916** | **12,218** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Déantar anailís sa mhéid seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus déantar cur síos ar na cúiseanna atá le hathruithe suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**i Tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar measta: €10.552 milliún, toradh €7.844 milliún*

Bhain an t-easnamh €2.7 milliún i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta leis an earcaíocht níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar an riachtanas a bhí ann earcaíocht ar fad a bhogadh ar líne le linn na bliana 2020. Theastaigh, mar sin, próisis a chur i dtoll a chéile do thástálacha agus do scrúduithe ar líne agus chuir na próisis sin a sholáthar agus a fhorbairt moill cúpla mí le feachtais earcaíochta. Bhain sé freisin leis an ngá a bhí ann tuarastail foirne a phróifíliú ar bhonn bliantúlaithe agus ar bhonn lárphointe an scála, chomh maith le laghdú ar an bhfoireann.

**v. Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF**

*Soláthar measta: €1.612 milliún, toradh €858,000*

Bhain an t-easnamh €754,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta den chuid is mó le tionscadal TFC a chur i bhfeidhm níos moille ná mar a bhí beartaithe mar gheall gurbh éigean anailís bhreise a dhéanamh ar bhonneagar agus ar sheirbhísí i ndiaidh cinneadh a dhéanamh ar ascnamh sonraí, sreafaí oibre agus roghanna slándála. Bhain an t-easnamh i gcaiteachas freisin le muirir TFC níos lú mar a bhíothas ag súil leo mar gheall ar líon foirne níos ísle ná mar a bhí tuartha.

**vi. Speansais i ndáil le háitreabh na hoifige**

*Soláthar measta: €1.14 milliún, toradh €844,000*

Bhain an t-easnamh €296,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta den chuid is mó le costais oibríochtaí níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar chianobair agus ar an moill a bhí ann spás oifige breise a sholáthar.

**vii. Seirbhísí comhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithniú beartas**

*Soláthar measta: €625,000, toradh €42,000*

Bhain an t-easnamh €583,000 i gcaiteachas i gcomórtas leis an soláthar measta den chuid is mó le riachtanas níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis do sheirbhísí sainchomhairleoireachta.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2020 | |
|---|---|---|---|
| | | **Meastacháin** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** |
| 1 | Earraí Ilghnéitheacha | 10 | — |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí a | 220 | 155 |
| | **Iomlán** | **230** | **155** |

### 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | **2020** |
|---|---|
| | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | — |
| Admhálacha maidir le fíneáil riaracháin | 75 |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (75) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | — |

### 4.3 Fíneálacha

Faoi shainchúram reachtúil an DPC is féidir fíneálacha riaracháin a ghearradh. Ní féidir fíneáil ar bith a ghearrann an DPC a bhailiú nó go ndeimhnítear é le hordú Cúirte (cibé más ar achomharc nó ar iarratas deimhnithe atá sé).

Ghearr an DPC seacht bhfíneáil sa bhliain 2020 lenar bhain luach iomlán €785,000.

As an seacht bhfíneáil a gearradh sa bhliain 2020, bailíodh ceann amháin in iomlán lenar bhain luach €75,000. Cuireadh é sin ar fad ar ais sa Státchiste (Féach Nóta 4.2).

# Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

## 5.1 An líon fostaithe

| **Coibhéis lánaimseartha** | **2020** |
|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **145** |

## 5.2 Pá

| | **2020** |
|---|---|
| | **€000** |
| Pá | 7,120 |
| Liúntais i ndáil le dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 15 |
| Liúntais eile | — |
| Ragobair | — |
| ÁSPC an fhostóra | 709 |
| **Pá iomlán** | **7,844** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **Íocaíocht aonair is mó** |
|---|---|---|---|
| | | | **2020** |
| | | | **€** |
| Liúntais i ndáil le dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 3 | — | 6,186 |
| Ragobair | 1 | — | 217 |
| Liúntais eile | — | — | — |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | — | — | — |

## 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **2020** |
|---|---|---|
| | | **€** |
| Ró-íocaíochtaí le pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 4 | 32,733 |
| Ró-íocaíochtaí gan pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 3 | 3,738 |
| | **5** [a] | **36,471** |

Nóta [a] Tá beirt d'fhoireann an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ar an dá liosta.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais cúitimh agus dlí

| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an DPC (thar a cheann féin) | Íocaíochtaí a rinneadh maidir le costais dlí a bronnadh in aghaidh DPC | Cúiteamh a bronnadh | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Cásanna a thug ball den phobal** | 34 | 626 | 85 | — | 711 |
| **Cásanna a thug fostaithe** | — | — | — | — | — |
| | | **626** | **85** | **0** | **711** |

Rinne an DPC íocaíocht sa bhliain 2020 i ndáil le costais dlí pháirtí eile maidir le himeachtaí a tógadh in aghaidh an DPC. Caingean athbhreithnithe bhreithiúnaigh in aghaidh an DPC a bhí ansin a éiríodh as sa bhliain 2018.

### 6.2 Costais Dlí

Thabhaigh an DPC costais iomlána €618,000 sa bhliain 2020 maidir le 6 shraith ar fad d'imeachtaí a thionscain an DPC. Bhí siad sin comhdhéanta de chaingean iomlánach, 2 iarratas a rinne an DPC chuig an gCúirt Chuarda chun deimhniú a fháil maidir le fíneálacha riaracháin a ghearradh agus 3 ionchúiseamh margaíochta a thug an DPC sa Chúirt Chuarda.

Ba é an cás An Coimisinéir Cosanta Sonraí v. Facebook Ireland agus Schrems (Uimh. Thaifead Ard-Chúirte 2016/4809P) an chaingean iomlánach. Caingean iomlánach a bhí ann a thionscain an DPC sa bhliain 2016 ag lorg tarchuir chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU) maidir le bailíocht ionstraim dlí de chuid an AE a mbraitear air chun aistrithe sonraí ón AE go dtí an SA a dhéanamh. D'áirigh cúrsa na n-imeachtaí casta seo triail sé seachtaine os comhair na hArd-Chúirte, breithiúnas 154 leathanach arna thabhairt ag an Ard-Chúirt a raibh tarchur arna dhéanamh ag an Ard-Chúirt chun an CJEU mar thoradh air, achomharc chuig an gCúirt Uachtarach arna thabhairt ag ceann de na páirtithe eile sa chás sin in aghaidh an tarchur sin a dhéanamh ag an Ard-Chúirt, agus éisteacht os comhair an CJEU in 2019, agus tugadh breithiúnas cinniúnach an CJEU i mí Iúil 2020. Ina dhiaidh sin bhí éisteacht os comhair na hArd-Chúirte i mí Dheireadh Fómhair 2020 i leith costas agus bronnadh costais dlí in aghaidh an DPC maidir le páirtí amháin eile. Tá suim dheiridh an ordaithe costas sin fós le cinneadh ach rinne an DPC íocaíocht eatramhach €450,000 chuig páirtí eile a bhí i gceist maidir leis an ordú costas sin sa bhliain 2020.

### 6.3 Maoiniú AE

Chuaigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí i mbun comhpháirtíochta le hÚdarás Cosanta Sonraí na Cróite agus le hOllscoil Vrije (an Bhruiséil) maidir le tionscadal nua arna chómhaoiniú ag an Aontas Eorpach faoin gClár um Chearta, um Chomhionannas agus um Shaoránacht. Fuarthas maoiniú €91,000 ón AE sa bhliain 2020 maidir leis an tionscadal sin.